# TOMÁS BAIRÉAD PAPERS

## GP2/26

Galway County Council Archives

# MOLADH CARAD

GP2/26

> "Níl pian, níl peannaid, níl galra
> ċóṁ trom-ċráiḋte
> Le bás na gcarad ná sgaraḋ na
> gcompánaċ."

Is iomḋa Gaeḋeal fá ḋaol-ḃrat bróin indiu. Galra trom-ċráiḋte é an bás ar an mbeo i gcóṁnuiḋe; aċ rud an-ċéasta ar fad é nuair a sguabas sé an sméar-ṁullaiġ leis. Agus sin é díreaċ atá déanta aige an babta seo. D'féadfaḋ sé na céadta a ċroċaḋ leis agus ní aireoċaḋ an tír uaiti iad; aċ caillteanas d'Éirinn ar fad bás Tomáis Uí Ṁáille. Sé an iarraiḋ is measa a fuair an Gaeḋilg le fada ó an lá é.

Ḃí ard eolas ag an Máilleaċ ar an tsean-Ġaeḋilg, ar an meadon-Ġaeḋilg agus ar Ġaeḋilg na h-aimsire seo. Ċuir sé suim is na sean-rudaí le meaḃair a baint asta, agus cruaiḋ-ċeisteanna a sgaoileaḋ agus ar ṁaiṫe leis an sgoláireaċt. Aċ níorḃ' fearaċt aige san é agus ag sgoláirí eile: ḃí fios aige gur beag ab' fiú na sean-ċnáṁa loma, mara mbéaḋ an fuil agus an feoil agus an súġ againn freisin. Dá ḃriġ sin, san rud beo ba ṁó a ṡuim, díreaċ mar ba ṁó a ṡuim is na Gaeḋilgeoirí boċta ar fud Ċonamara ná i nurcam ar biṫ eile.

An ṁuinntir a raiḃ sé d'áḋ orta aiṫne ṁaiṫ ḃeiṫ aca air ní ḋéanfa siad dearmad go bráṫaċ ar an tacar colais agus Gaeḋilge ḃí istiġ ina ċloigeann aige. Agus sé an t-ugdar bróin is mó atá ag gabáil dóiḃ seo a ḃfuil á gcroiḋe sa nGaeḋilg agus sa léiġeann aca, go ḃfuil sé ag tabairt an oiread den tacar sin fá'n sgraiṫ leis.

Ḃí a lán déanta aige, aċ níl leaṫ-ḃriġ annsin le h-ais an méid a ḋéanfaḋ sé dá dtugaḋ Dia saoġal dó. Leaḃar ní raiḃ aon baint aige leis naċ ḃfuil lorg an léiġinn air agus tairḃe agus taiṫneam le baint as, agus is mór luċt foġlumṫa na Gaeḋilge fá ċomaoin' aige. Na Gaeḋil ar ṁaiṫ leo ómós agus onóir a ṫeasbáint dó níl aon ċaoi is fearr le na ḋéanaṁ ná aiṫris a ḋéanaṁ ar a ċuid saoṫair go gcuirtear an ċloċ ṗréaċáin ar an obair b'annsa le na ċroiḋe—an Ġaeḋilg a ċur i n-uaċtar sa tír seo arís.

Is cosaṁail go dtiocfa an lá nuair a ċuirfeas Gaeḋil leaċt os a ċionn. Aċ is beag le ráḋ na cloċa agus an moirtéal i gcomórtas an leaċta a tóig sé féin dó féin le na ṡaoṫar. Mara ḃfágaḋ sé ina ḋiaiḋ aċ "An Béal Beo" aṁáin ḃéaḋ a ainm fá ċáil "an fad is béas Gaeḋilg i nGaillim" agus meas ar an léiġeann.

Soillse na bFlaiṫeas dá anam.